**An Bord Iniúchóireachta**

**Cruinniú an 16 Iúil 2020 – Miontuairiscí**

| | |
|---|---|
| I láthair: | Seamus McCarthy, An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>Andy Harkness, Stiúrthóir Iniúchóireachta<br>Patricia Sheehan, Stiúrthóir Iniúchóireachta<br>Deirdre Quaid, Leas-Stiúrthóir na Lársheirbhísí, rúnaí an Bhoird |
| Leithscéal: | Colette Drinan, Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta |

**1. Glacadh leis an gclár oibre**

Glacadh leis an dréachtchlár oibre mar a scaipeadh é. Chomhaontaigh an bord go scaipfí gach doiciméad sa phacáiste cruinnithe mar dhoiciméid Word seachas mar dhoiciméid pdf le haghaidh cruinnithe amach anseo.

**2. Coinbhleachtaí leasa le tabhairt faoi deara**

Níor tuairiscíodh aon choinbhleacht leasa maidir leis na míreanna a bhí le plé ag an gcruinniú.

**3. Miontuairiscí an chruinnithe roimhe (páipéar A) agus na nithe a d'éirigh as**

Glacadh le miontuairiscí an chruinnithe roimhe a tionóladh an 21 Bealtaine 2020, faoi réir roinnt athruithe beaga.

**4. Rioscaí atá ag teacht chun cinn**

Níor thug an bord aon rioscaí atá ag teacht chun cinn faoi deara.

**5. An t-eolas is deireanaí ar thionchar Covid-19 (páipéar B)**

Thug an Bord faoi deara an páipéar mar a cuireadh i láthair é agus mheas é gur cheart aghaidh a thabhairt sa chéad leagan eile de dhoiciméad beartais Covid-19 na hOifige ar na foirne iniúchóireachta a oibríonn ar áitribh cliant iniúchóireachta agus treoir maidir le paraiméadair shábháilteachta a chur leis.

Mheas an bord nár cheart d'fhoirne iniúchóireachta a bheith ar an láthair ach amháin nuair is gá agus gur cheart aon taisteal chuig áitribh cliant a bheith údaraithe ag an Leas-Stiúrthóir líne roimh ré. Tá measúnuithe cuí le déanamh agus dearbhuithe le tabhairt maidir le sábháilteacht áitribh cliant sula gcuirfidh foirne iniúchóireachta tús lena gcuid oibre ar áitribh cliant. D'iarr an bord ar an Oifig machnamh a dhéanamh ar phacáiste caighdeánach sábháilteachta a thabhairt isteach do bhaill foirne atá ag obair ar áitribh cliant lena n-áireofaí maisc, díghalráin lámh, ceirtíní, etc.

Beidh doiciméad an bheartais i bhfeidhm ach ar feadh tréimhse bliana chun críche na hiniúchtaí siúd a bhfuil scrúduithe eatramhacha atá ag tosú i ráithe a ceathair den bhliain 2020 acu a chumhdach agus chun na críche sin amháin.

Chinn an bord go gcaithfeadh an fostaí deiridh ar an scéim sannachán sealadach filleadh ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ar an dáta a socraíodh, mar atá an 29 Iúil 2020.

**6. Gníomhartha an Bhoird Iniúchóireachta (páipéar C)**

Thug an bord faoi deara gur athraíodh chun dáta liosta gníomhartha an Bhoird Iniúchóireachta chun ar tharla ó mhí Feabhra 2020 i leith a chur san áireamh agus gur tugadh roinnt de na gníomhartha sin chun críche.

**7. An clár tuairiscithe (páipéar D)**

Thug an bord faoi deara an páipéar faoin gclár tuairiscithe agus go raibh catagóir ann anois le haghaidh caibidlí/ceisteanna ar leith a raibh aghaidh le tabhairt orthu fós ag an gCoiste um Chuntais Phoiblí faoi mar a iarradh ag an gcruinniú roimhe.

**8. An clár iniúchóireachta airgeadais**

D'iarr an bord go gcuirfí an tuarascáil feidhmíochta iniúchóireachta a cuireadh faoi bhráid an bhoird bainistíochta i láthair ag gach cruinniú den bhord iniúchóireachta chun an bord a chur ar an eolas faoi stádas an chláir iniúchóireachta airgeadais.

**9. Iniúchtaí nua/deiridh (páipéar E)**

Thug an Bord faoi deara na hiniúchtaí nua seo a leanas:

- An Ciste Gníomhaithe ar son na hAeráide, agus d'iarr sé faisnéis maidir le hidirghníomhú an chiste sin leis an nGníomhaireacht Chúltaca Ola Náisiúnta.
- Sannadh Comhairle na mBreithiúna don leas-stiúrthóir atá freagrach as an ngrúpa ceartais, agus bainfear í den liosta iniúchtaí nua dá bharr.

Thug an Bord faoi deara gurb amhlaidh, ag teacht sna sála ar a iniúchtaí don bhliain 2019 a chríochnú, a deimhníodh seacht bhfochuideachta de chuid Bhord na gCon, *Cork Greyhound Race Co Ltd., Waterford Greyhound Race Co (1953) Ltd., Youghal Greyhound Race Co Ltd., Dublin Greyhound and Sports Association Ltd., Galway Greyhound Stadium Ltd., Kingdom Greyhound Race Co Ltd.* agus *Limerick Greyhound Racing Track Ltd.* agus, dá bhrí sin, go bhféadfaí iad a bhaint den liosta agus a chur faoi leachtú.

Thug an bord faoi deara gur athraíodh an liosta iniúchtaí chun dáta ar shuíomh Gréasáin na hOifige agus go bhfeidhmeodh sé i gcomhthráth amach anseo leis an bpáipéar le cur chuig an mbord iniúchóireachta.

**10. An beartas taifead agus coinneála le ceadú (páipéar F)**

Thug an bord faoi deara an beartas mar a cuireadh i láthair é agus d'iarr sé ar rúnaí an bhoird na míreanna seo a leanas a chur san áireamh:

- Is í an reachtaíocht uileghabhálach ná an tAcht um Chartlann Náisiúnta agus ní an Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.
- Cruthóidh an Oifig taifid agus í i mbun a cuid gnó agus rialaítear leis an Rialachán

Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí cén fhaisnéis ba cheart a bheith mar chuid de na taifid sin.

- Déanfar breithniú ar gach taifead a aistriú ina leagan leictreonach agus ar speisialtóirí a fhostú chun cabhrú leis an aistriú sin chuig stóráil leictreonach.

D'iarr an bord ar rúnaí an bhoird beartas nua coinneála taifead a dhréachtú ar bhonn na bprionsabal thuas le haghaidh chruinniú ráithe a haon den bhliain 2021 agus dul i dteagmháil leis na Leas-Stiúrthóirí i leith an dréachtbheartais idir an dá linn.

**11. An ráiteas straitéise**

Thug rúnaí an bhoird an t-eolas is deireanaí don Bhord ar an dul chun cinn atá á dhéanamh ag Crowe, na sainchomhairleoirí a earcaíodh chun cabhrú leis an Oifig ráiteas straitéise don tréimhse ón mbliain 2021 go dtí an bhliain 2025 a fhorbairt. Tá an fhorbairt sin roinnte ina sé chéim:

a. Tá tionscnamh an tionscadail tugtha chun críche

b. Reáchtáladh ceardlann boird bainistíochta an 10 Iúil 2020. Chuir an cheardlann ar chumas na gcomhaltaí boird a dtuairimí a phlé maidir leis an gcuma ba cheart a bheith ar an straitéis 2021-2025, maidir leis na príomhthosaíochtaí straitéiseacha, agus maidir leis na dúshláin a d'fhéadfadh a theacht os comhair na hOifige amach anseo.

c. Is éard atá i gceist le faire na fáistine ná an fhaisnéis a bhailiú faoin timpeallacht straitéiseach ina n-oibríonn an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste agus faoi na forbairtí laistigh de ghairm na hiniúchóireachta, laistigh den iniúchóireacht phoiblí, agus laistigh de na heagraíochtaí i gcoitinne a d'fhéadfadh cur isteach ar obair na hOifige amach anseo. Beidh tionchar phaindéim Covid-19 ar na comhlachtaí arna n-iniúchadh ag an Oifig agus ar an gcaoi a n-oibríonn gníomhaireachtaí eile iniúchóireachta poiblí ina phríomhghné den tasc seo. Is é an toradh a bheidh ar an tasc sin ná tuarascáil achoimre ar phríomhthorthaí an taighde, a chuirfear ar fáil don Oifig i mí Lúnasa 020.

d. Eagrófar sraith ceardlann foirne ar a bhfreastalóidh idir 20 ball foirne agus 30 ball foirne idir mí Iúil agus mí Dheireadh Fómhair.

e. Tarraingeofar na fionnachtana agus na tuairimí ó na tascanna roimhe le chéile agus déanfar anailís orthu, mar aon leis na haschuir ón bpróiseas comhairliúcháin le geallsealbhóirí seachtracha agus ón athbhreithniú piaraí, a rinneadh a ar leithligh.

f. Déanfar páipéar seasaimh a fhorbairt, ina gcuimseofar an t-aiseolas ó gheallsealbhóirí inmheánacha, an t-aiseolas ó gheallsealbhóirí seachtracha, torthaí an athbhreithnithe piaraí, agus na príomhphointí a tháinig as an scanadh léaslíne. Cuirfear ar áireamh sa pháipéar sin tosaíochtaí straitéiseacha sainaitheanta, na haschuir ó na hanailísí SWOT (Neart, Laigí, Deiseanna agus Bagairtí), na príomhdhúshláin agus na hathruithe sa timpeallacht sheachtrach a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an straitéis. Cuirfear an páipéar seo ar fáil go déanach i mí Dheireadh Fómhair agus beidh sé mar bhonn leis an doiciméad plean straitéisigh a bheidh le forbairt ag an Oifig ina dhiaidh sin.

**12. Aon ghnó eile**

Thug an bord faoi deara gur ceapadh an Rúnaí agus Stiúrthóir Iniúchóireachta ar an gCoiste Comhairleach Iniúchóireachta agus Meastóireachta de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta.